



ACMHAINN 13

EUGENE TRIVIZAS AG TRÁCHT AR AN TÉARMA 'PIGS'

Is údar síscéalta comhaimseartha agus ollamh coireolaíochta in Ollscoil Reading é Eugene Trivizas. Bhuaigh sé cás cúirte in aghaidh Coca-Cola. I slí acadúil, scríobhann sé agus léiríonn sé a chuid léargas ar úsáid an téarma PIGS, agus chomh maith leis sin, ar úsáid chórasach a bhaineann le steiréitíopáil dhiúltach chun cur síos a dhéanamh ar dhaoine. Scríobhann an tOllamh Trivizas:

Níl i dtréithriú na nGréagach mar chaimiléirí agus mar fhealltóirí etc. ach cás eile den fheiniméin socheolaíoch ina músclaítear steiréitíopa náisiúnta diúltach in amanna géarchéime. Seachas cinntí nó gníomhartha duine áirithe a cháineadh nó breith a thabhairt orthu, déantar aithis ar an bpobal ina iomláine. Is é an steiréitíopa is dainséaraí ná ceist a ardú faoi chiníocha nó grúpaí eitneacha áirithe a bheith daonna.

Ní hé gur masla beagintinneach amháin é an t-acrainm 'PIGS' a úsáideann tráchtairí agus infheisteoirí Angla-Shacsanacha mar ghiorrúchán agus iad ag tagairt do na daoine i ndeisceart na hEorpa agus dá ngeilleagair. Is leagan comhaimseartha é den fheiniméin stairiúil ina gcaitear amhras ar dhaonnacht daoine eile. Is próiseas é ina gcaitheann daoine i ngrúpa eitneach amháin anuas ar dhaoine i ngrúpa áirithe eile go dtí go ndéantar iad a chur i gcomparáid le hainmhithe agus ar an gcaoi sin a thabhairt le tuiscint gur cheart caitheamh leo ar an mbealach céanna.

Cé go bhfuil beart déanta ag roinnt nuachtán, amhail an 'Financial Times', agus ag bainc, amhail Barclays, mar fhreagairt ar ghearáin an thaobh seo, cosúil leis na gearáin a rinne an tAire Airgeadais sa Phortaingéil, trí chosc a chur ar an téarma 'PIGS', tá an baol fós ann go mairfidh an téarma agus go mbeidh sé buanaithe sa teanga. Ní thuigeann na daoine a úsáideann an téarma seo cé chomh dáiríre agus atá an scéal seo. Déanann siad dearmad gur úsáideadh nathanna maslacha go córasach san am a chuaigh thart chun mothúcháin daoine a laghdú, chun scrupaill a chealú, chun deireadh a chur le comhbhá, agus réitigh sé sin an bealach do ghéarleanúint, do shléachtanna agus, fiú, do chinedhíothuithe.

Sular tharla an cinedhíothú i Ruanda, mar shampla, bhí feachtas comhbheartaithe ar siúl ag an rialtas chun 'brúidiúlacht' ó bhéal a dhéanamh ar na híospartaigh, agus le linn an Dara Cogadh Domhanda, d'úsáid bolscaireacht Seapánach an modh céanna in aghaidh na Meiriceánach. Is é an cás is tromchúisí, ar ndóigh, ná an cinedhíothú a rinne an Tríú Reich. Bhí an lotnaidicíd Zyklon B ar cheann de na hullmhóidí ceimiceacha a úsáideadh chun an cinedhíothú a dhéanamh ar na Giúdaigh sna sluachampaí géibhinn. I bhfad níos luaithe sular maraíodh na príosúnaigh le lotnaidicídí, áfach, rinne an bolscaireacht eagraithe a bhí ag na Naitsithe dhídhaonú orthu.

Úsáideadh focail amhail 'francaigh' agus 'míolra' go córasach chun cur síos a dhéanamh ar na Giúdaigh. Agus, ar ndóigh, mura measann tú gur daoine daonna iad an dream a bhfuil tú ina gcoinne ach má bhreathnaíonn tú orthu mar bheithigh nó mar sheadáin, ní dhéanann sé mórán difir duit iad a mharú chun a gcuid gruaige nó a gcuid blonaige a athchúrsáil. Go hiondúil, is é an foréigean 'brúidiúil' ó bhéal an chéad chéim a ghlactar díreach sula dtagann fíor-fhoréigin i gceist, agus ní amháin ar an ardán idirnáisiúnta.

I rith mo chuid taighde ar choiriúlacht an ghráscair, thug mé faoi deara go raibh dhá chatagóir de léiriú ionsaitheach ann: na daoine a shéanann fireannacht an té a bhfuil siad ina choinne agus na daoine a shéanann a dhaonnacht; agus fuair mé amach go réitíonn an chéad cheann an bealach



ÁRAS STAIR NA HEORPA

d'fhoréigean deasghnáthaíoch agus go réitíonn an dara ceann an bealach d'fhíor-fhoréigean(1). Is iad na hiarmhairtí tragóideacha a bhíonn ar an 'mbrúidiúlacht' ó bhéal an chúis a bhfuil na hantraipeolaithe Montagu agus Matson den tuairim gurb é an próiseas ina ndéantar dídhaonnú ar dhaoine eile 'an cúigiú eachmharcach den Apacailipsis'. Bheimis ag dul thar fóir, ar ndóigh, a rá gurb é atá ar siúl ag na daoine a úsáideann an téarma 'PIGS' ná go bhfuil siad ag réiteach an bhealaigh don sléacht eacnamaíochta ar 'pigs' (nó muca) silteacha i ndeisceart na hEorpa.

Is aisteach an rud é, áfach, go dtagann daoine sibhialta go dtí an pointe ina n-úsáideann siad nathanna cainte maslacha a spreag an méid sin fulaingthe san am a chuaigh thart. Nuair nach gcaithimid a thuilleadh le daoine eile amhail is gur daoine aonair iad, ach mar dhaoine atá ag seasamh d'aon steirítíopa amháin agus nuair a mheasaimid go gcludaíonn grúpa eithneach gach rud atá macánta agus eiticiúil agus go gcludaíonn an grúpa eile gach rud atá calaoiseach agus mímhórlta, scaoiltear isteach gach cineál barbarachais. Ní 'pigs' (nó muca) iad na daoine a bhfuil cónaí orthu i ndeisceart na hEorpa, ach an oiread agus nach caimiléirí cruthanta iad na Gréagaigh, ná nach bhfuil an claonadh sna Gearmánaigh cinedhíothú a dhéanamh.

Maireann an mhaith agus an t-olc ionainn go léir agus d'fhéadfadh sé tarlú go héasca go spreagfadh na rudaí a deirtear i gcaidrimh sóisialta an dara ceann. Guímis go dtiocfaidh ciall chuig an 'an gcúigiú earmharcach den Apacailipsis' agus go mbeidh ár gcuid daonnachta comónta soiléir dó sula bhféadann sé tús a chur le sléacht nua.

1. «Crowd events in the Metropolitan Area», The Kingston Law Review, iml.9, uimh.3, Nollaig 1979.
2. Ashley Montagu, Floyd Matson «The Dehumanization of Man», Nua-Eabhrac: McGraw-Hill, 1983

Foinse: TA NEA